
# LÁ MHAIGH EO 2024

## Dé Sathairn 4 Bealtaine 2024



HOME TO MAYO

## Béal an Mhuirthead

## 1. AN tARDÁN MÓR AG CEARNÓG CHARTÚIR

**Ceol, damhsa agus siamsaíocht ag Cearnóg Chartúir ar feadh an lae!**

**12pm-12.30pm**: **Hit Machine Drummers** – buíon drumadóirí lán fuinnimh a chuirfidh preab sna cosa.

**12.40pm-12.50pm: Redmond Connolly** – le hamhrán speisialta atá cumtha aige le haghaidh Lá Mhaigh Eo.

**1pm-1.45pm: Boxing Banjo** – bainigí sult as an réimse mór uirlisí sa ghrúpa speisialta seo, le cairdín, bainseó, fidil agus bodhrán.

**2.15pm-3.15pm: Stuart Moyles** – Ceann de na guthanna glóir tíre is fearr sa tír le cloisteáil ar an ardán mór.

**3.45pm-4.30pm: Trad Lib** – meascán speisialta trad agus rac-cheol ó mhuintir Harrington.

**5pm-6pm: Gerry Guthrie** – réalta glóir tíre a chuirfidh fonn damhsa ar chuile dhuine sa slua.

## 2. PUBALL NA GAEILGE: NA DUGANNA (THE DOCKS)

**Buail isteach chuig Puball na Gaeilge le haghaidh scéalta, seanchais, spraoi agus cúpla steip!**

**11.30am: Spraoi na nÓg** – scéalta agus amhráin le Caitlín agus Astrid.

**12.15pm – 13.15pm: Coimicí Gael** – tarraing do chartúin féin leis an maisitheoir Aidan Courtney agus leis an údar áitiúil, Nicola Lavelle.

**1.30pm**: **Trasna na dTonnta** – deis seanchas agus stór focail a roinnt ó phobail Ghaeltachta ar fud Mhaigh Eo.

**2.30pm: Glórtha Iorrais** – amhránaíocht ar an sean-nós, filíocht agus litríocht ó ghlórtha áitiúla Iorrais.

**3.30pm Steip!** Taispeántas agus damhsa seit le Carmel agus damhsóirí áitiúla.

## 3. SRÁID NA BEAIRICE

- **AN MARGADH CEARDAÍOCHTA** Bain lá do dhá shúil as na píosaí áille ceardaíochta ó tháirgeoirí as gach cearn de Chontae Mhaigh Eo. Beidh féirín ann don uile dhuine idir choinnle, sheoda, phíosaí ealaíne agus bhronntais speisialta.
- **CARRANNA CLASAICEACHA SRÁID NA BEAIRICE**
  Carranna clasaiceacha ar taispeáint a bhuí le Kennedy Motors
- **SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE MHAIGH EO** seastán eolais

## 4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TEAGHLAIGH TAOBH AMUIGH D'ÁRAS INIS GLUAIRE

**Ceardlann Lámhchleasaíochta** 12pm-5.30pm: An bhfuil spéis agat lámhchleasaíocht a fhoghlaim? Seo do dheis in éineacht le Dee Birkett, máistir sorcais, agus buíon Circus 250. Amharc ar an taispeántas agus ansin bain triail as tú féin! Cuirfear ceardlanna ar fáil gach uair a chloig ar feadh an lae.

**Out of the Blue** 1.30 – 2.10pm & 3.30 – 4.10pm: Tá an bhean ghrinn Frá Martó tagtha chugainn ó Turin! Cuidigh léi sa seó sorcais seo agus í ag tabhairt faoin níochán a dhéanamh. Beidh neart gáire agus bolgán ann, agus sibh ar bhur ndícheall ag iarraidh an 'teach' a choinneáil glan!

Ná déan dearmad bualadh isteach chuig an **bPuball Cruthaíoch** ina mbeidh an t-ealaíontóir Lukasz Krzywon ó Creative Together ag tabhairt ollphictiúir le chéile chun ilghnéitheacht Mhaigh Eo a cheiliúradh. Cuirfidh na rannpháirtithe uile a gcuid féin leis an mórphictiúr a nochtfar ag deireadh an lae. Cá bhfios céard a bheidh le feiceáil nuair a bheas sibh críochnaithe! Fáilte roimh chách. Spásanna teoranta. Is gá do pháistí a bheith faoi chúram daoine fásta.

**Péinteáil Éadain** 12pm- 5.30pm

**Taispeántais ó Sheirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo.** Amharc ar an lucht dóiteáin agus iad ag taispeáint a gcuid scileanna múchta dóiteáin. Má tá ceist ar bith agat, beidh an criú in ann iad a fhreagairt duit!

**DJ sa Veain** An ceol is fearr á sheinm ag Graham Sweeney óna veain VW.

**Cairteacha Bia agus Caife:** Scoth na beatha ar fáil ó thrucanna scaipthe ar fud an bhaile.

## ÁRAS INIS GLUAIRE AGUS LEABHARLANN BHÉAL AN MHUIRTHEAD

**Taispeántas Ealaíne le Genevive King:** Téigh ar fánaíocht in Áras Inis Gluaire le hamharc ar an taispeántas ealaíne 'Westerly Collection'. Tabharfaidh Genevive caint faoina saothar ag **7pm** Dé Sathairn an 4ú Bealtaine.

**Taispeántas Éalaíon ó Mhaigh Eo le Dánlann Bhaile an Ghleanna:** Tá fíoráthas ar Áras Inis Gluaire an taispeántas seo a óstáil ó Dhánlann Bhaile an Ghleanna

**Taispeántais Ghrianghraf:** Caith súil ar na taispeántais áille grianghraf in Áras Inis Gluaire, le taispeántas réaltfhótagrafaíocht ó Pháirc Spéire Dorcha Mhaigh Eo agus grianghraif stairiúla áitiúla ó Sheirbhís Leabharlainne Chontae Mhaigh Eo

**Aimsigh Leabhair Nua do Pháistí 11am - 4pm:** Beidh an t-údar iomráiteach do pháistí, Sarah Webb, linn i leabharlann Bhéal an Mhuirthead chun labhairt leat faoi na leabhair a thaitníonn leat agus cinn nua arbh fhiú triail a bhaint astu! Is féidir leat ceisteanna a chur uirthi freisin faoin scríbhneoireacht agus faoi bhealaí chun saothair a fhoilsiú.

**An Bus Céadfach 10am – 3.30pm:** Fáilte romhaibh ar bord! Seomra céadfach

móibíleach atá sa bhus seo ina bhfuil píobaí bolgán, ballaí uisce, linn liathróidí ildaite, cúinne UV agus neart eile! Beidh an Bus Céadfach páirceáilte taobh amuigh de Leabharlann Bhéal an Mhuirthead.

**Eitleoga ar foluain 10.30 – 11.30am, 11.45am – 12.45pm, 1.15 – 2.15pm:**
Ar mhaith leat triail a bhaint as d'eitleog féin a chruthú agus a chur ag eitilt ag Leabharlann Bhéal an Mhuirthead? Déan áirithint le Fionnuala ag 097 82555 nó cuir ríomhphost chuig fmcginty@mayococo.ie

## 5. AN BAILE BIA (NA DUGANNA)

- Taispeántais chócaireachta ó chócairí áitiúla ar feadh an lae i margadh an Bhaile Bia, le fear an tí John Conmy.
- Beidh Laura Broderick ag teacht isteach le haghaidh cuairt speisialta chomh maith.
- Tapaigh an deis agus sibh ann blaiseadh a fháil de scoth an bhia ó tháirgeoirí atá lonnaithe i Maigh Eo.

## TAISPEÁNTAIS AGUS PUBALL EOLAIS AG NA DUGANNA

- Club Rámhaíochta Tullacháin agus taispeántas currach
- Pobail Fholláine Sláintecare - bord eolais
- Mental Health Ireland - feachtas 'Hello, How are You' - bord eolais
- Tacaíocht Theaghlaigh agus Phobail Iorrais CRT - bord eolais
- Seid na bhFear, Iorras - taispeántas agus ceardaíocht

Beidh MidWest Radio ag craoladh beo ar feadh an lae chun do chuid iarratas a sheinm dár gcairde ar fud an domhain agus chun na scéalta is déanaí faoin lá a chur amach.

midwest radio 96.1fm

**Tá na himeachtaí ar fad saor in aisce, ach d'fhéadfadh go mbeadh gá le háirithint. Féadfaidh imeachtaí a bheith faoi réir athraithe.**

**VISIT WWW.MAYO.IE FOR UPDATES & INFORMATION**

**www.facebook.com/MayoDotIE**

**www.twitter.com/MayoDotIE**

# ÓCÁIDÍ BAINTEACHA EILE

- **Parkrun Iorrais**– Glac páirt in Parkrun Iorrais ag 9.30am ag Loch na Croise, a chomórfar i ndilchuimhne ar Padraig Brogan.

- **Comórtas Peile Lá Mhaigh Eo** - Blitz faoi aois le clubanna áitiúla ag CLG Beal an Mhuirthead ó 11am ar aghaidh (is gá do chlubanna clárú roimh ré).

- **Ceolchoirm Lá Mhaigh Eo**, David Munnelly - Dé Sathairn an 4ú Bealtaine, 8pm-9pm. Oíche cheoil le David Munnelly, Caitríona Ní Cheannabháin agus Mick Connelly **(DÍOLTA AMACH)**

- **Aisling an Iarthair** – léiriú staire agus ealaíne chun comóradh a dhéanamh ar Bhéal an Mhuirthead 200. Bígí i lár an bhaile ag 9pm Dé Sathairn an 4ú Bealtaine chun

- **Blacksod Sea Safari** – Dé Domhnaigh 5 Bealtaine ag 2pm. Turas suaimhneach timpeall an chuain le Blacksod Sea Safarin Amharc ar chuid de na radharcanna is fearr ar chósta an Atlantaigh in éineacht le cairde. Is gá spás a chur in áirithe roimh ré ag: www.blacksodseasafari.ie

- **Siúlóid Lúibe Bhinn Bhuí** - Dé Domhnaigh 5 Bealtaine 11.00am Siúlóid treoraithe -buailfidh an grúpa le chéile ag tús na siúlóide ag an tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg (F26 Y8P7) ag 11am. Moltar buataisí siúlóide agus éadaigh oiriúnacha a chaitheamh toisc gur siúlóid cois aillte farraige í seo. Mairfidh an tsiúlóid thart ar dhá uair a chloig agus feicfear cuid de na hábhair spéise seo ar an mbealach: Teachaín A' Watch, An Dúna - Dún Bhinn Aille, Na Stácaí (stácaí farraige) agus tuilleadh nach iad. Tá spásanna teoranta, mar sin déan teagmháil le Treasa ag Comhar Dún Caocháin ag 097 88082 / 087 1251642 no cuir ríomhphost chuig dunchaochain1@gmail.com chun clárú.

**D'fhéadfadh athrú teacht ar na himeachtaí seo – déan teagmháil dhíreach leis an lucht eagraithe le sonraí a chinntiú.**

# LÁ MHAIGH EO 2024

**Belmullet - Béal an Mhuirthead**

